***COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE***

***GALWAY COUNTY COUNCIL***

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# FODHLÍTHE CHONTAE NA GAILLIMHE UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA) UIMH. 1 - 2024

## 1.Réamhrá

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le hAlt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004), arna leasú, agus tar éis di fógra a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána agus an próiseas comhairliúcháin reachtúil poiblí a chur i gcrích, déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe na fodhlíthe seo a leanas maidir le limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe.

a. Féadfaidh tagairt a dhéanamh do na fodhlíthe seo mar Fhodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) Uimh. 1 - 2024.

b. Tá na fodhlíthe seo forlíontach ar Fhodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018 agus Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bóithre (Luasteorainneacha Speisialta), Uimh. 1 - 2021 agus is ceart iad a léamh i dteannta na bhfodhlíthe sin. Foráiltear leo leasuithe agus breisithe i leith Fhodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018.

c. Is chun críoch léiriúcháin amháin atá na léarscáileanna i gceangal leis na fodhlíthe seo, agus má thagann aon easaontas idir léarscáileanna agus téacs an sceidil a ghabhann leo, is ag téacs an sceidil a bheidh an forlámhas.

d. Déantar na fodhlíthe seo a leanas a chúlghairm leis seo: -
   - Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018, B/80/1 (c), (d) & (e)
   - Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018, L/80/5 (a) & (b)

e. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an 7ú lá de Feabhra 2025.

## 2) Imleabhar 1 CB Bhaile Átha an Rí Leasuithe

### SÉÚ SCEIDEAL - breisiú

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta ochtó ciliméadar san uair (**80km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 80 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 80 km/u.

**A/80/3. Na bóithre seo a leanas ag Baile Átha an Rí:-**

(a) Cuid de Chuarbhóthar Bhaile Átha an Rí L3125, ó phointe 25m óna acomhal leis an L3203 go dtí a acomhal timpeallláin leis an R347.

(b) Cuid de Chuarbhóthar Bhaile Átha an Rí L3125 ón acomhal timpeallláin leis an R348 go dtí pointe 525m thiar thuaidh ón suíomh a luadh.

**3) Imleabhar 2 CB Bhéal Átha na Sluaighe Leasuithe**

**CÚIGIÚ SCEIDEAL - breisiú**

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta seasca ciliméadar san uair **(60km/u)** forordaithe ina leith. Tá an uimhir 60 roimh uimhreacha liosta chun luasteorainn 60 km/u a thabhairt le fios.

**B/60/1. Na bóithre seo a leanas i mBéal Átha na Sluaighe: -**

(m) Bóthar L8608 Áit Tí Corra idir a acomhal leis an R357 agus an teorainn uirbeach dhlíthiúil.

(n) Bóthar L86082 an Ruáin idir pointe 615 mhéadar siar óna acomhal le Bóthar R357 Theach Mhic Conaill agus pointe 2184 mhéadar siar ó thuaidh ón acomhal sin.

(o) Bóthar L84134 Thuaim Catraí idir pointe 440 méadar ó dheas ón acomhal le Bóthar L4600 Phlásóg na bhFeá agus le teorainn theas na teorann uirbí dlíthiúla.

**SÉÚ SCEIDEAL - breisiú**

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta ochtó ciliméadar san uair (**80km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 80 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 80 km/u.

**B/80/4. Na bóithre seo a leanas idir Béal Átha Ghártha agus na Creaga: -**

(a) Bóthar na gCreag L2310 ó phointe 25m óna acomhal leis L2309 leis an acomhal le Bóthar na Cille Móire L2308.

(b) Bóthar na gCreag L2312 óna acomhal le Bóthar na Cille Móire L2308 go dtí an t-acomhal le Bóthar Mhala Fhraoigh L63485.

(c) Bóthar na gCreag L2316 ón acomhal le Bóthar Mhala Fhraoigh L63485 go dtí an t-acomhal leis an R362.

**B/80/5. An bóthar seo a leanas ag an gCreagán: -**

(a) Bóthar Bhéal Átha Feorainne L3210 ó phointe 115 óna acomhal le Bóthar Bhéal Átha na Sluaighe R358 go dtí a acomhal le Bóthar an Droichid Nua - Béal Átha Feorainne R363.


**<u>4) Imleabhar 4 CB Bhaile Locha Riach Leasuithe</u>**

**<u>CÚIGIÚ SCEIDEAL - breisiú</u>**
Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta seasca ciliméadar san uair **(60km/u)** forordaithe ina leith. Tá an uimhir 60 roimh uimhreacha liosta chun luasteorainn 60 km/u a thabhairt le fios.


**<u>L/80/5. Na bóithre seo a leanas i mBaile Bhaile Locha Riach: -</u>**

(g) Bóthar L8193 Ráth Rodaigh idir a acomhal le Seachbhóthar R446 Bhaile Loch Riach ó thuaidh go dtí an teorainn uirbeach dhlíthiúil.

(h) Bóthar L4224 an Chartrúin ó phointe 108 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar L8265 an Ráithín (na Tulaí) go dtí an teorainn uirbeach dhlíthiúil.






| ROAD TRAFFIC SPECIAL SPEED LIMITS COUNTY GALWAY BYE-LAWS 2018 | | | |
|---|---|---|---|
| BYE LAW REFERENCE(S): | MUNICIPAL DISTRICT: | LOCATION: | MAP No: |
| B/80/1 (c), B/80/1 (d) | Ballinasloe | Ballinasloe Town - North | B 05A |




**ROAD TRAFFIC SPECIAL SPEED LIMITS COUNTY GALWAY BYE-LAWS 2018**


| BYE-LAW REFERENCE(S): | MUNICIPAL DISTRICT: | LOCATION: | MAP No: |
|---|---|---|---|
| B/80/1 (e) | Ballinasloe | Ballinasloe Town - South | B 05B |


LEGEND
Special Speed Limit (kph)
Extent of 50 kph speed limit
Extent of 60 kph speed limit
Extent of 80 kph speed limit
Extent of 100 kph speed limit
Town Boundary (Legal Urban Boundary)
Speed limit of 50 kph within town boundary unless otherwise specified
N65
R350
R351
R380
R349
R446
ROAD TRAFFIC SPECIAL SPEED LIMITS COUNTY GALWAY BYE-LAWS 2016
BYE-LAW REFERENCE(S):
L/80/5 (a)-(b)
MUNICIPAL DISTRICT:
Loughrea
LOCATION:
Loughrea Town
MAP No:
L 22





ROAD TRAFFIC SPECIAL SPEED LIMITS COUNTY GALWAY BYE-LAWS 2024

| | BYE-LAW REFERENCE(s) | MUNICIPAL DISTRICT | LOCATION: | MAP No. |
|---|---|---|---|---|
| Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council | A/80/3 (a) & (b) | Athenry/Oranmore | Athenry | AO 18 |




# ROAD TRAFFIC SPECIAL SPEED LIMITS COUNTY GALWAY BYE-LAWS 2024

| Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council | BYE-LAW REFERENCE(s) | MUNICIPAL DISTRICT | LOCATION: | MAP No. |
|---|---|---|---|---|
| | B/80/4 (a) to (c) | Ballinasloe | Ballygar to Creggs | B 29 |




# ROAD TRAFFIC SPECIAL SPEED LIMITS COUNTY GALWAY BYE-LAWS 2024

| Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council | BYE-LAW REFERENCE(s) | MUNICIPAL DISTRICT | LOCATION: | MAP No. |
|---|---|---|---|---|
| | B/80/5 (a) | Ballinasloe | Mountbellew | B 30 |

Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi ghnáthshéala
**CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE.**

An ú lá seo de Nollaig 2024

**I láthair nuair a greamaíodh Gnáthshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe de seo: -**

Martina Kinane
______________________________
**An Comhairleoir Martina Kinane**
**CATHAOIRLEACH CHONTAE NA GAILLIMHE**
7/1/25